Aighneacht ó Údarás na Gaeltacht i leith Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla

Fáiltíonn Údarás na Gaeltachta roimh an phróiseas athbhreithnithe atá ar siúl faoi láthair ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Ó tháinig Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 i bhfeidhm tá feabhas mór tagtha ar líon agus caighdeán na seirbhísí stáit a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge agus ar bhonn dátheangach, agus plé cothaithe i measc an phobail ar rochtain ar sheirbhísí trí Ghaeilge. As an phróiseas athbhreithnithe seo tá súil againn go dtiocfaidh moltaí leasuithe chun cinn a chinnteoidh cur i bhfeidhm éifeachtach agus éifeachtúil an Achta agus freisin moltaí ciallmhara maidir leis na dualgais a chóir a bheith ar chomhlachtaí Stáit i leith na teanga.

Cuirtear an aighneacht seo i láthair i dtrí chuid, sa chéad chuid déantar imlíniú ar fheidhm Údarás na Gaeltachta agus comhthéacs na Gaeltachta; sa dara cuid tugtar moltaí sonracha i leith an athbhreithnithe de réir mar atá treoraithe sa cháipéis a d'eisigh An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta; agus sa tríú cuid tugtar moltaí eile sa bhreis ar na ceannteidil a bhí leagtha amach i gcáipéis na Roinne.

Cuid 1 Cúlra

Údarás na Gaeltachta

Is é an príomhchuspóir atá le gníomhaíochtaí Údarás na Gaeltachta ná forbairt a dhéanamh agus feabhas a chur ar shaol agus dálaí maireachtála an phobail sa Ghaeltacht, agus sa tslí sin caomhnú a dhéanamh ar an bpobal mar phríomhfhoinse na Gaeilge mar theanga phobail.

De réir Ailt 8 d'Acht Údarás na Gaeltachta, 1979, déanfaidh an tÚdarás

> " caomhnú agus a leathadh na Gaeilge mar phríomh-mheán cumarsáide sa Ghaeltacht a spreagadh agus cinnteoidh sé gurb í an Ghaeilge a úsáidfear a mhéid is féidir nuair a bheidh a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige nó thar a cheann".

Sí an chéad chéim sa phróiseas sin ná inchothaitheacht an phobail a chinntiú. Chun an cuspóir sin a bhaint amach tacaíonn an tÚdarás le scéimeanna táirgiúla fostaíochta trí fhorbairt a dhéanamh ar acmhainní nádúrtha áitiúla agus ar chumais fhiontraíochta, trí infheistíocht shoghluaiste a mhealladh chun na Gaeltachta agus trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh fhorbartha pobail. Cuireann an tÚdarás cúnamh ar fáil freisin do réimse leathan de thionscnaimh theanga, chultúrtha agus oideachais atá dírithe ar an nGaeilge a neartú mar phríomh-mheán cumarsáide i ngach earnáil de shaol an phobail.

An Phleanáil Teanga sa Ghaeltacht

Próiseas casta é an próiseas a bhaineann le pleanáil teanga agus tá dúshlán ar leith ag baint le haon bheartas pleanála teanga a bhaineann leis an nGaeilge sa Ghaeltacht toisc an comhthéacs sochtheangeolaíoch atá i réim ann. Is pobal dátheangach iad pobal na Gaeltachta agus cumas maith cumarsáide sa tríú teanga ag a lán acu. Leanann an choimhlint laethúil idir an Béarla agus an Ghaeilge sa Ghaeltacht. Is trí mheán an Bhéarla a déantar cuid mhór den dul chun cinn gairmiúil, sóisialta, polaitiúil, eacnamaíochta agus pearsanta. Tá popchultúr an Bhéarla ag brú a thionchair ar phobal na Gaeltachta ar bhonn laethúil. Tá sé ag éirí níos deacra ar thuismitheoirí an Ghaeilge a sheachadadh slán ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile de dheasca na gcúinsí atá ag oibriú ina gcoinne. Léirigh an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíocht ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* a foilsíodh in 2007 an phráinn atá le

b) Ach an rangú a bheith déanta go leagfaí síos treoir shonrach, a bheadh intuigthe don chomhlacht poiblí agus don phobal, cén dualgas a bheadh ar chomhlachtaí ó thaobh foilseacháin - tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise, suíomhanna gréasáin, bileoga eolais, foirmeacha, bróisiúir, seirbhísí idirghníomhacha ar líne, cártaí, ceadúnais, treoirlínte srl.
c) Go dtabharfaí tús áite do na foilseacháin sin is mó a bhfuil éileamh ag an bpobal orthu, pobal na Gaeltachta agus na Gaeilge san áireamh.
d) Gur go dátheangach faoi aon chlúdach amháin (seachas in dhá leagan ar leith i nGaeilge agus i mBéarla) a bheadh an oiread foilseacháin agus is féidir.

Meastar, ach bun riachtanais do gach comhlacht poiblí a leagan síos faoin Acht (mar atá anois), go bhféadfaí forálacha i dtaca leis an méid seo thuas a dhéanamh trí ionstraimí reachtúla.

3. **Scéimeanna Teanga**

Tá aird tarraingthe le gairid ar na laigí atá sa chóras a bhaineann le daingniú agus cur i bhfeidhm scéimeanna teanga sna comhlachtaí poiblí. Luaitear go sonrach caighdeán na scéimeanna teanga atá aontaithe ag comhlachtaí poiblí go tógáil san áireamh:

- laghad na dea-thola i leith na Gaeilge i gcéad scéimeanna chomhlachtaí agus an leibhéal íseal tiomantais do bheartas teanga a chur i gcrích.
- easpa córais le measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na chéad scéime a leagfadh síos bunús don dara scéim.
- easpa caighdeáin trasna na scéimeanna teanga.

I scrúdú atá déanta ag an Choimisinéir Teanga ar chóras na scéimeanna teanga, tuairiscíonn sé go bhfuil 66 as 105 scéim in éag, sin dhá thrian díobh.[1] Anuas air sin tuairiscíonn sé go bhfuil 20% de na scéimeanna sin in éag le tréimhse ama de dhá bhliain ar a laghad agus 20% eile acu in éag le breis agus trí bliana. Ina measc siúd a bhfuil a scéimeanna teanga in éag le fada tá comhlachtaí poiblí a mbíonn teagmháil rialta ag an bpobal leo, An Roinn Oideachais agus Scileanna ina measc. Is ar fheidhmiú an chórais seachas ar an gcóras féin atá an locht, dar leis an gCoimisinéir Teanga. Léiríonn a scrúdú freisin easpa leanúnachais i ndaingniú agus i gcur i bhfeidhm scéimeanna teanga. Molann an Coimisinéir Teanga cur chuige níos straitéisí maidir le córas na scéimeanna teanga, má tá sé i gceist leanúint ar aghaidh leis an gcóras sin. Ar an taobh eile tá rogha eile á plé, sé sin an córas atá á bheartú don Bhreatnais sa Bhreatain Bheag. Is é atá á mholadh don Bhreatnais ná córas caighdeán a bheadh bunaithe ar rialacháin reachtúla, córas a thabharfaí i bhfeidhm in imeacht tréimhse ama agus a leagfadh síos an leibhéal seirbhísí i nGaeilge a bheadh le soláthar ag comhlachtaí poiblí a bheadh rangaithe de réir chritéir ar leith. Is ábhar machnaimh fiúntach é seo.

Moladh: Athbhreithniú ó bhonn a dhéanamh ar chóras na scéimeanna teanga.

Riarachán agus acmhainn foirne

Tá go leor obair riaracháin ag baint le córas na scéimeanna teanga a aontú faoi mar atá. De dheasca an ualach oibre a bhaineann le cúrsaí riaracháin éilíonn sé acmhainn foirne agus le cur chuige éifeachtach a bheith ann, tá cumas agus inniúlacht i gcur chun cinn mionteanga riachtanach chomh maith le tuiscint mhaith ar fheidhmiú an chórais stáit. Ag brath ar an chur chuige a roghnófar i ndáil le córas na scéimeanna teanga, ní mór riachtanais acmhainní

[1] Cur i láthair ag an Choimisinéir Teanga ag Tóstal 2012 i mBaile Átha Cliath, 14 Eanáir 2012.

5. Leasú a rinneadh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur ar neamhnaí

Ceadaíonn leasú a rinneadh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla go ndéanfaí aon acht den Oireachtas a fhoilsiú ar an idirlíon in aon teanga oifigiúil amháin sula ndéanfar é a chló agus a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga oifigiúil. Ba chóir na hacmhainní riachtanacha a chur ar fáil don tseirbhís aistriúchán a chinnteoidh go mbeidh na hAchtanna ar fáil go comhuaineach le cló sa dá theanga oifigiúla, ag tosú le haistriú na mbillí go Gaeilge. Ní bheidh ach leasuithe le haistriú go Gaeilge ansin sula n-achtófaí ina ndlí iad.

Moladh: An leasú a rinneadh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur ar neamhnaí agus a chinntiú go bhfuil na hacmhainní riachtanacha ar fáil don tseirbhís aistriúchán.

Achoimre

De réir an iniúchta atá déanta ag saineolaithe idirnáisiúnta agus ag an Choimisinéir Teanga féin tá sé léirithe nach bhfuil Acht na dTeangacha 2003 á chur i bhfeidhm faoi mar a bhí ceaptha agus nach bhfuil na torthaí a bhíothas ag súil leis á mbaint amach. Is den riachtanas é go dtiocfadh an próiseas athbhreithnithe suas le moltaí leasuithe:

- ✓ a chinnteoidh go bhfuil Acht teanga ann a fhreastalaíonn go cuí ar mhianta an phobail teanga agus a thugann brí don fhoráil bhunreachtúil gurbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga oifigiúil ós í an teanga náisiúnta í.

- ✓ go mbeidh na cearta teanga a dhaingníonn an reachtaíocht níos trédhearcaí don phobal agus go leagfar síos córas feidhmithe don Acht a chothóidh muinín sa chóras in athuair agus a dhéanfaidh freastal ar chearta an phobail a rogha teanga, Gaeilge nó Béarla a roghnú agus iad i mbun gnóthaí le comhlachtaí poiblí agus ranna rialtais.

- ✓ Ní foláir béim a chur ar scéimeanna nó caighdeáin (de réir mar a oirfidh) a phoibliú agus ar sheirbhísí trí Ghaeilge a thairiscint go gníomhach, go follasach agus le deathoil nuair a bhíonn siad ar fáil.

Máire Ní Mhainín
Údarás na Gaeltachta
31 Eanáir 2012